MÁIRE MHAC AN tSAOI
GRADAM FHILÍOCHT NA GAEILGE



comhairle chontae na mí
meath county council

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

MÁIRE MHAC AN tSAOI
GRADAM FHILÍOCHT NA GAEILGE

In onóir do MHÁIRE MHAC AN tSAOI, 1922-2021,
Is cúis áthais do Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae na Mí
bunú Ghradam Fhilíocht na Gaeilge Mháire Mhac an tSaoi a fhógairt

SONRAÍ:

Is éard atá i gceist leis an ngradam ná Máistir-Rang aon lae le Louis de Paor do chúigear rannpháirtithe.

Níl aon fhoirm iarratais.

Tá an gradam oscailte do chleachtóirí fhilíocht na Gaeilge ar oileán na hÉireann.

Ní mór d'iarratasóirí a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith in ann tiomantas agus gaisce ina réimse roghnaithe a thaispeáint.

Dáta deiridh: Dé hAoine an 27 Bealtaine ag 5.00 i.n.

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

CHUN IARRATAS A DHÉANAMH NÍ MÓR D'IARRATASÓIRÍ NA RUDAÍ SEO A LEANAS A CHUR ISTEACH

- Beathaisnéis mhionsonraithe nó CV lena n-áirítear seoladh reatha, uimhir ghutháin, sonraí teagmhála srl.
- Sampla réasúnta dá gcuid oibre le huasmhéid de 5 phíosa.
- Litir iarratais sínithe.
- Togra oibre – ba cheart d'iarratasóirí a rá go soiléir cad is mian leo a bhaint amach leis an ngradam seo. Is é an chreatlach thionscadail a shocróidh cúrsaí agus ba cheart a thaispeáint léithí go bhfuil an scríbhneoir ag obair i dtreo bailiúcháin saothair ar leith lena mbeadh comhairle, eolas agus saineolas Louis de Paor ina chabhair.
- Ní mór an sampla oibre a bheith i nGaeilge bíodh is go bhféadfadh an t-iarratas a bheith i nGaeilge nó i mBéarla.

comhairle chontae na mí
meath county council

MÁIRE MHAC AN tSAOI
GRADAM FHILÍOCHT NA GAEILGE

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLACHA

Beidh an Máistir-Rang ar siúl i gContae na Mí i Meitheamh 2022, cuirfear an dáta agus an láthair chruinn in iúl i bhfad roimh ré.

Coimeádann Comhairle Chontae na Mí an ceart aici féin gan aon ghradam a thabhairt má chreideann sí gurbh fhearr a dhéanfaí freastal ar leasa na Comhairle agus na na n-iarratasóirí leis an gcur chuige sin.

Ní chuirfear iarratais dhéanacha nó neamhiomlána san áireamh.

Ní ghlacfar ach le hIARRATAIS RÍOMHPHOIST AMHÁIN. Ní féidir glacadh le hiontrálacha cruachóipe nó facsáilte. Is féidir ábhar tacaíochta a chur isteach i Word mar cháipéis scanta nó PDF. Ná soláthar, le do thoil, nascanna idirlíne chuig samplaí oibre srl. mar go gcuirfear bac orthu agus ní bhfaighfear an iontráil.

Beidh iarratasóirí a n-éireoidh leo freagrach as a n-iompar agus as a bhfreastal féin ach gheobhaidh stipinn €150 le haghaidh a gcostais.

Ní mór d'iarratasóirí a n-éireoidh leo a aontú go gcomhoibróidh siad le Seirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae na Mí i gcursaí maidir le gach ábhar a bhaineann le poiblíocht faoin ngradam.

Ní mór creidiúnú iomlán ar thorthaí togra a thabhairt do Ghradam Mháire Mhac an tSaoi.

Dáta deiridh chun iontrálacha a fhail:
Dé hAoine an 27 Bealtaine ag 5.00 i.n.

Ba cheart iarratais a chur ar aghaidh go
gaeilge@meathcoco.ie

MÁIRE MHAC AN tSAOI, 1922-2021

Bhí Máire Mhac an tSaoi ar dhuine d'fhilí na Gaeilge ba mhó le rá na hÉireann. Áirítear lena cnuasaigh filíochta *Codladh an Ghaiscígh*, 1973, *An Galar Dubhach*, 1980 (Sairséal agus Dill an bheirt acu), *An cion go dtí seo* (Collected Poems, foilsithe in 1987) agus *Shoah agus Danta eile*, 1999 (Sairséal Ó Marcaigh an bheirt acu). An cáil uirthi don chumas a bhí aici foirmeacha traidisiúnta agus clasaiceacha a shníomh le téamaí nua-aimseartha, labhair sí faoi agus ó thaithí dhlúthphearsanta na mban ag am nach raibh guth na mban le cloisteail den chuid is mó.

Tharraing a céad chnuasach filíochta, *Margadh na Saoire* (1956), aird na léirmheastóirí. In 1968, d'aithin *Filíocht Ghaeilge na Linne Seo* de chuid Frank O'Brien Mhac an tSaoi mar dhuine de mhórfhilí na Gaeilge. Tar éis *Margadh na Saoirse*, d'fhoilsigh sí aistriúcháin ar dhánta Gaeilge i *A Heart Full of Thought* (Dolmen, 1959), agus aistriúcháin go Béarla de dhánta Monsignor de Brún i *Miserere* (Gill & Macmillan, 1971).

Nuair a bhí Mhac an tSaoi amach sna blianta tháinig bláthú sa bhreis ar a hobair liteartha agus scolártha. I measc na bhfoilseachán bhí leabhar d'aistriúcháin eile Trasládáil, (Lagan Press, 1997), nóibhille faoi Piaras Feirtéar, *A Bhean Óg Ón* (Cló Iarchonnacht 2001) agus an obair scolártha *Cérbh í Meg Russell?* (Leabhar Breac, 2008), with Máire Mac Conghail agus Liz Ó Droma. In 2011, d'fhoilsigh O'Brien Press agus Cló Iarchonnacht, *An Paróiste Míorúilteach/The Miraculous Parish*, rogha dhátheangach dá gcuid dánta, curtha in eagar ag Louis De Paor. An bhliain chéanna sin bhuaigh a nóibhille *Scéal Ghearóid Iarla* Gradam Uí Shúilleabháin do leabhar Gaeilge na bliana.

Dar le Máire, bhí an Ghaeilge ríthábhachtach d'Éirinn mar "an príomhspreagadh i gcruthú fíorchultúr Eorpach" agus labhair sí faoi ámharaí an tsaoil a thug chun na Gaeltachta í, gan an eispéireas seo "bheadh an saol i bhfad Éireann níos measa"

Bhí Máire sa Chór Taidhleoireachta, glaodh chun an Bharra í, agus chomh maith le bheith ina file, léirmheastóir, aistritheoir, bean léinn agus scoláire ba ea í. Bhí sí ina cónaí lena híníón san Uaimh, Co. na Mí le roinnt blianta roimh di bás a fháil, áit ar bhain sí taitneamh as seirbhísí Leabharlann na hUaimhe.